(below) : Orangemen marching from Bessbrook Station on their way to a demonstration in Newry (early 1920s).



The old Scriptural Hall, William Street.
A photo from the Traynor Collection.





## *Daltaí Scoil na Mainistreach*

Pic. le Mr. Price

# Newry Intermediate School


now Newry High School (early 1930's). Photo courtesy of P. Mann.

Included in the photo are : Trevor Whitten Crook Jim McKee Maurice Whitten G. McKinstry Morrow Harris B. Thompson B. Kerr Muriel Leeson Zena Gordon Ann Gordon Joan Sinclair Connor Bruce Mann R. Breakey





Above : Ballyholland School Choir - Winners of Feis Cup for Singing in Irish, 1955.
Below : Buachailli na Mainistreach (photo courtesy of Boyle Family).





(*thuas*) Clochar an Chroí Ró-Naofa 1957.
(*thíos*, pic. le caoinchead M. Comer) Rang 6A Clochar an Chroí Ró-Naofa, Deireadh Fómhair 1960.
*Ar chúl* : K. Maynes K. McGahan M. McCoy Mother Pius
G. Crimmins (Vice Head Girl) A. O'Hare B. Wiltshire G. McNeill.
*I lár* : A. Daly M. O'Rorke J. Walls M. Sands E. Fegan M. Butterfield.
*Chun tosaigh* : K. Brennan C. Byrne P. Smyth M. MacAteer (Head Girl) N. Garvey.



# *Stapleton's Academy*
# *"Sure, Sound and Speedy Grinds"*

*Ní cuimhin liom go beacht an t-am nuair a tháinig deireadh le hAcadamh Stapleton, Margaret Square. Scoil phríobhaideach dár ndó a bhí i gceist, agus W.J. Stapleton mar Phríomhoide uirthi. D'fhoghlaim dearthair de mo chuid an cód Mhorsach uaidh, scil a chuidigh leis jab a fháil ar na bádaí sna 1940í. Ach bhí béim an curaclaim ar luathscríbhinn, cuntasaíocht, Mata, Béarla agus Fraincis fíu a bhain le cúrsaí gnó. Bhí sé cosúil leis an Cheardscoil - ach bhí deis ag daltaí cúrsaí a phiocadh suas am ar bith le linn na scoilbliana. Cuireadh ar fáil fosta 'grinds' dóibh siúd a bhí ag iarraidh scoláireachtaí a fháil.* ***J. O'Hare****.*





**Daltaí an Iúir**
(thuas) : grianghraf a glacadh i Mí na Samhna 1956. Boyle Family.
(thíos) : Mórtasach as an Fáinne a chaitheamh.





(*thuas*) **Clochar an Chroí Ró-Naofa. Cumann na n-Iarscoláirí, 1946.**
(*thíos*, pic. M. Comer) **Clochar an Chroí Ró-Naofa, 1960.**



# *Daltaí na Ceardscoile*

Pic. le Peadar Ō hEochaidh








# Rare photos from Newry's Boxing Past

*Photos courtesy of the Fearon Family*









We are keen to identify the locations of the two Newry Boxing photographs reproduced above. We would also like to identify the boxer (left) who is pictured with John Fearon. Info. to 8 Highfield Drive, Newry.

# *The changing face of Newry*



*With Haldane's, Monaghan Street,(pictured above by S. Loughran) now levelled and replaced by the new Health Centre, and the demolition threat which hangs over the Cash and Carry building on Merchants' Quay, little is to remain of Newry's industrial architecture. The wholesale destruction of Newry's industrial heritage is an indictment of those local representatives who during this past 40 years have not shown the foresight to purchase for the people of Newry, and for future generations, the town's historical buildings. Is it already too late to save the steadily decaying 18th century town houses in Canal Street ?*





Above : The former R.U.C. Barracks at Corry Square.
Below : The houses facing Corry Square Barracks (1940s. Gilligan Collection).



# "Frank Hall's double bass"

**Thomas Downey from Newry recalls his memories of renowned RTE broadcaster Frank Hall, who died recently. As a child of 12 in 1968, Thomas discovered the neck of Frank's famous double bass in a manger in old livery stables at Monaghan Street, Newry, where it had lain abandoned for over 20 years.**

**Thomas' family (who traded as Thomas Downey & Sons, Butchers) shared this yard with Frank's aunt, Miss Clare Goulding, with whom Frank lived for many years before moving to Dublin in the late 1940's.**

"I spoke to Frank Hall only once, in Donnybrook in late 1992. But in the hectic pace of that brief conversation, in my hurried attempt to tell him my lineage, I neglected to disclose my childhood secret. In 1968 I had discovered the remains of his famous £2 double bass, at the bottom of a manger in Newry.

Many Newry people (particularly those of my parents' generation) are aware that Frank lived with his aunt Clare Goulding at 6 Monaghan Street, Newry, where my grandfather Thomas Downey had opened a butcher shop in the late 1930's. Frank's aunt's house and Downey's butcher shop both shared the same yard and an outbuilding, which had formerly been livery stables.

Frank lived in Newry until the late 1940's, when he went to work in Dublin at the age of 26; so by the time I had made my discovery in 1968, I was told he had already been gone from Newry for over 20 years, an incomprehensible period of time for a 12 year old child.

As Frank often recounted in the past, ***Miss*** Goulding (as I always addressed her) was a product of the old school: a curious mixture of Republicanism, Catholicism and entrenched Victorian values, polished brass candle snuffers, Penny Black stamps, moustache mugs, medals from the 1932 Eucharistic Congress in Dublin, and her matted canine companion called Beau-Beau.

In the days before the advent of the horseless carriage, No. 6 Monaghan Street was a busy livery stable in the commercial centre of Newry. The concreted ground floor of the outbuilding was fitted out with enough mangers to simultaneously feed dozens of horses, and the hay loft and sleeping quarters for the stable lads were situated directly above.

Even in 1968 many of the mangers were still in perfect condition, but the first floor was in a very dangerous and dilapidated state. Frank's aunt Clare used the section directly opposite her back door for storing coal, but that particular manger and her house had both seen better days. By the late 1960's what had previously been a fine Victorian town-house with its high ceilings and bell pulls in every room was riddled with dampness, and it had become too costly for her to heat on her meagre income. She eventually moved out to live in Cleary Crescent where she spent her final few draught-free years in warmth and comfort.


But Miss Goulding was a true hoarder, and for an intensely inquisitive child as I was, her departure provided the perfect opportunity to search the previously forbidden territory of her coal shed. At the end of a whole Saturday spent rummaging through decades of accumulated junk: spoked car wheels from the early 1900's, pots and kettles, horse bridles and halters, I came across a solid piece of polished carved wood with brass cogs and adjusters on either side. When I washed it under the tap I was told by my uncle Thomas that I had discovered the neck of Frank Hall's famous £2 double bass, where it had lain abandoned for over two decades.

In the 1960's Frank used to regularly visit my father and uncles when he came to Newry, and when his car pulled into Downey's yard, I knew the *craic* would be mighty for the next hour or two. Frank could have kept a whole nation entertained; in fact that is ***exactly*** what he did. However, as a child, one of the many things I couldn't figure out was how this famous man on the television only ever drove a Volkswagen. Surely if he was all that famous, he had to be rich too?

It took me many years to appreciate that Frank was actually one of the richest people in Ireland, rich in that he led an interesting and varied life, had a loving family and thousands of friends, had time for everyone and, without exception, everyone spoke well of him. I spoke with Frank Hall briefly on only one occasion, but I never did get to tell him about my childhood discovery of his double bass, in a former livery stable in Newry."


Fruit & Fish
DOWNEY BROS.
Vegetable
Market
ORDER YOUR HOLLY WREATHS HERE

Seastán TEMPESTS (Dún Dealgan) ag an Oireachtas - am inteacht roimh 1920.




3. STEPHENS
IRISH POLISHES Ltd
DUBLIN
A FEW OF THE
SPECIAL ROLL TICKETS
WE HAVE PRINTED
liam tempest
Dundalgan press
Dia
do Beata
Céad Mile Fáilte
Duaid leat

# *Coláiste Bhríde Oméith*
# The Early Years

**The first part of Tomás Mac Ardghail's lecture on the history of Coláiste Bhríde.**



Ar an 19ú lá Lúnasa, 1912 tharla mórócáid in Óméith, nuair a fosclaíodh go foirmeálta Coláiste Gaeilge, Coláiste Bhríde.
Bhí maithe agus móruaisle, idir cléir agus tuata i láthair don oscailt, a tharla ar láthair aoibhinn, teach agus *demesne* gur leis an Chaptaen Woodhouse, tiarna talún é, agus a bhí, mar deir an cuntas sa Dundalk Democrat den dáta 24 Lúnasa, 1912 'In chancery,' agus a fuarthas ar cíos ón teaghlach Woodhouse.

Mar cheann feadhna ar an chléir b'é an Cairdinéal Ó Luadhóg, Ard Easpag Ard Mhacha, a thug an chéad óráid. Thagair sé don fhíríc gurb í Óméith an t-aon áit san ardfhairche a raibh an Ghaeilge beo go fóill inti. Cuidiú é do stadas na Gaeilge sa cheantar, an oiread sin scoláirí agus múinteoirí bheith bailithe le chéile sa choláiste, dár leis. Sa bhliain 1886—ar ócáid choimhneartú sa cheantar, Gaeilge ar fad a chuala sé, á labhairt ag na scaiftí beaga daoine. Thug sé moladh mór do Chonradh na Gaeilge. D'admhaigh sé go raibh meirg ag teacht ar a chuid Gaeilge, cheal cleachtaithe—nach as ceantar Gaeltachta—Fanad do fhéin? Dúirt sé go leanfadh a spéis i ndul chun cinn na Gaeilge fhad is ba bheo é.

Thagair F. J. Biggar do chliú Ard Mhacha mar lár ionad Chúige Ulaidh—agus lárionad na hÉireann. Mhol sé an Cairdinéal, Príomháidh na hEireann, as bheith ar an láthair sin, an lá mór sin. Rinne sé tagairt do chlanna uaisle Uí Néill agus Mhic Aonghusa, agus ghuigh sé go mbeadh an coláiste ag gníomhú le atógáil náisiún na hÉireann—Lámh Dearg Uladh ina beannacht don chuid eile d'Éirinn.

Ar shon foireann teagaisc an Choláiste, ghabh Eoin Mac Néill buíochas leis an Chairdinéal as tús fónta a thabhairt don Choláiste. Ba é an t-iontas é Gaeilge ar bith a bheith beo sa cheantar. Bhí súil aige go mbeadh misneach ag na scoileanna tabhairt faoi leathnú na Gaeilge feasta. Bhí dóchas aige, nuair a chluinfeadh na Gaeilgeoirí—idir aosta agus meánaosta—lucht an choláiste i mbun labhairt na Gaeilge, go dtiocfadh siad i gcabhair orthu, agus go bhfeicfeadh siad an teanga faoi onóir as sin amach.

Bhí an Dr. Ó Brolchain, (Dr. Bradley, Droichead Átha), den tuairim go mbeadh dualgas trom ar Chomhairlí Condae na tíre diúltú don bhreab £10,000 a bhí á thairgeadh dóibh ag Augustine Birrell—Irish Secretary Rialtas Londain, mar go millfeadh sé gluaiseacht Chonradh na Gaeilge in Éirinn— (Iontaobhas Ultach?). Bhí sé cinnte, amach anseo, go mbeadh bród ar aon duine a bhí i láthair ag ócáid foscladh Coláiste Bhríde Óméith Mara.

B'ábhar misnigh dósan, a dúirt an tAthair Fullerton, Béal Feirste, atmaisféar na hócáide. Bhí sé cinnte go mbeadh an teanga Gaeilge a athlabhairt ar fud na hÉireann i ngiorracht aimsire ach cur chuige le dúthracht agus le héifeacht. Thagair sé arís do Mr. Birrell agus a thairscint de £10,000 le gluaiseacht na Gaeilge a chur ó mhaith, agus bhí sé cinnte nach nglacfaí leis an bhreab.

Mhol J. T. Dolan, M.A. (Joe Dolan, Áth Fhir Dia) rún buíochais don Chairdinéal, agus chuidigh Dr. Finnegan, Cairlinn, leis.

Sa tuairisc ar an Dundalk Democrat den 24 Lúnasa, 1912, ní luaitear gur labhair aon chainteoir den chuideachta Gaeilge. Lean cúrsaí sa choláiste ón 19 Lúnasa go dtí 30 Meán Fómhair.

Maidir le táillí, bhí £1 ar gach seisiún. Bhí ceart ag aon duine a thug £2, nó ag cumann a thug £3, iarrthóir (candidate) a ainmniú do áit shaor sa choláiste. Chaithfeadh an duine sin a bheith ina mhúinteoir, nó ina ábhar múinteora.

Cuireadh scrúdú ag ceann gach seisiúin ag údaráis an Choláiste, agus bronnadh teastaisí. Thug an Bord Náisiúnta Oideachais aitheantas do na teastaisí sin. Tugadh dhá theastas, Teastas Bliana agus Teastas Iomlán ag deire an chúrsa.

Tá pointe eile atá saoithiúl go leor sna cáipéisí a bhaineann le Coláiste Bhríde. Le roinnt ainmneacha tá curtha leo '*Fríoth díoltas ón Bhord ar a son*' sin 'Fuarthas díolaíocht ón Bhord' i nGaeilge an lae inniu. Ní raibh an téarmaíocht socair i gceist fán am sin.

Is fiú, b'fhéidir, nóta a scríobh faoi na síntiúsóirí don chéad bhliain :
An Cairdinéal Ó Luadhóg agus an Tiarna Easpag Ó Néill, Droim Mór, punt an duine; Sir Henry Bellingham, Mrs. Stopford Green, Londain, Eoin Mac Néill, cúig phunt an duine. An Canónach Ó Coinn, S.P. Camloch, trí phunt; An tAth. Seán Ó Dúill, Sagart Paróiste, Baile na hInse, An tAthair Feilim Mac Aonghusa, Roinn Mhic Giolla Rua, An



tAthair Woods, P.P. Anach Cluain, agus Bean Mhic Dhónaill, Scoil Náisiúnta Lios Iomainn dhá phunt; An Dr. Ó Brolchain, giní; agus liosta fada cléir agus tuata punt nó leathphunt an duine, agus liosta anfhada ar fad cúig scilling an duine.

Is díol suime cúrsaí airgeadais na bliana 1912. Íocadh £46,13.4 leis an fhoireann teagaisc, £6,10.0 ar chíos an choláiste, agus cóiriú an fhoirgnimh £7,17.1., suimeanna eile ar leabharthaí, fógraíocht, 7rl. Bhí farasbarr de £26.3.2. sa Bhanc Éireannach, Dún Dealgan.

Lean an coláiste ar aghaidh sa bhliain 1913, agus athbhunaíodh Feis Óméith faoi scáth agus le comhoibriú Choláiste Bhríde. Cúrsaí na Feise atá a phlé ins an Dundalk Democrat don bhliain seo agus is fiú na tuairiscí a léamh.



San Prospectus do 1913, tá na hoifigigh seo leanas luaite:
Na Patrúin: A Shoilse, an Cairdinéal Ó Luadhóg, An Dochtúir O Neill, Easpag Droim Mór.
Uachtarán Oinigh: Sir Henry Bellingham, Bart, H.M.L.
Uachtarán: An tAthair Ó Coinn, P.P. Cairlinn.
Cisteoirí: An tAthair Pádraig Ó Grianáin, Seip., Rath Foircheallain, Seosamh T. Ó Doláin, Áth Fhir Dia.
Rúnaithe Oinigh: An tAthair Seamas Ua Cuinn, C.C., Baile Bearraice, Dún Dealgan, Seán Ó hÍr, N.T., Ardallan, An Poinnte, Seosamh Ó Néill, N.T., Cillín, An tIúr.
Foireann agus Léachtóirí: Ard Ollamh—Eoin Mac Néill, B.A., Ollamh le Stair na hÉireann, An Ollscoil Náisiúnta, Aodh Ó Greacháin, B.A., Donall Ó Baoill, Timire,
Eamonn Ó Bhaldron (De Bhaldraithe), An tAthair Fullerton, Peadar Ó Dubhda, An tAthair D. Ó Tuathail.



Aithnímid na mór-phearsain, ach an aithnímid na cisteoirí agus na rúnaithe ? Is eol do mhuintir Cho. Lú, Seosamh Ó Doláin, agus an tAthair Séamas Ua Cuinn. Bhí an tAthair Séamas mar C.C. i gCill Shléibhe (An Sruthán) ins na fichidí agus ba é a thug ainmneacha Gaelacha ar chuid páistí Chloch Fhuaráin.

Maidir le Seán Ó hÍr, tá stair ag baint leis. An chéad post a fuair sé, post oide istigh ar Inis Gabhla, Tír Chonaill. Ní raibh Gaeilge aige ag dul isteach dó, ach ar m'anam bhí sé líofa ag fágáil slán ag an oiléan. Bhí mé ar scoil le na chlana mhac. Ba mhúinteoir i Scoil Náisiúnta, Cillín, é Seosamh Ó Néill. Bhí clann Sheosaimh ag freastal ar ranganna oíche Gaeilge i mBealach an Chláir idir 1941 agus 1943, ranganna a bhí faoi chúram Coiste Ceantair Ardmhacha Theas de Chonradh na Gaeilge. Bhí an scríbhneoir seo i mbun na ranganna sin.



Sa bhliain 1914, tá sonraí spéisiúla againn ar fhoscladh oifigiúil an Choláiste.
Bhí Seosamh Ó Doláin (Áth Fhir Dia) i gceannas agus iad seo leanas i láthair:
An tAthair Mac Aonghusa, P.P. An Poinnte.
An tAthair Mac Eoin, C.C., Óméith.
An tAthair Woodcock, Reachtaire, Coláiste Mhíchil, Óméith.
An tAthair Ó Tuathail, C.C., Dún Pádraig.
An tAthair Ó Muirí, Naomh Pól, Minnesota.
An tOllamh Eoin Mac Néill, An Ollscoil Náisiúnta.
An Captaen Roger Bellingham, C'bellingham.
Dr. Mac Quillan, Mrs. C. A. Duffy, Mr T. F. Mc Gahon, D. C.,
Mr. J. O Carroll, N.T., Mr. O Meara, County



Thuas : Rinneadh plaic a noctadh in Ostlann na Páirce.
Thíos : Seán agus Maolcholaim - beirt den 150 duine a d'fhreastail ar an léacht/taispeántas.



Thíos : Aíonna speisialta in éindí le lucht stiúrtha na hEigse.



Councillor, Dónall Ó Baoill, Timire Chonradh na Gaeilge, Mr. Nash, Mr. A. J. O Loughlan, Peadar Ó Dubhda agus Mr. G. O Reilly, Droichead Átha.
Léigh Lorcán Ó Muirí litreacha ag gabháil leathscéal ó Sir Henry Bellingham,
F. J. Biggar, Mrs. Green, agus roinnt sagart.

Labhair an Captaen Bellingham ag moladh ceantar Óméith, á rá, mura mbeadh Coláiste Bhríde bunaithe sa chondae, nach fada an saol a bheadh i ndán don teanga. Dúirt sé i mBéarla "There is every reason why the Irish People must be careful and watchful in the matter of preserving their mother tongue. There are historic reasons and there are patriotic reasons. Is not the language of a man's country formed, as it has been, by the souls of his ancestors, as much his country as the sod he works for ?" Ag críochnú dó, dúirt sé : "On a famous occasion the great Napoleon, looking down upon the plains of Epypt, and pointing to the Pyramids, when addressing his army, said 'Soldiers, forty centuries of history look down upon you.' We might say the same for the island of ours, more glorious than the Pyramids of Egypt for natural beauty and national beauty—forty centuries and more of Irish history look down upon us and on our efforts to revive the Irish language."

Labhair T. F. Mc Gahon (athair mór Brendan Mc Gahon T.D.) ag moladh obair an choláiste, ag iarraidh tacaíochta don teanga sna Gaeltachtaí. Mhol sé don Chomhairle Condae fearann (demesne) an Choláiste a cheannacht, ar tús, agus ansin an teach mór féin ina dhiaidh sin. Dá ndéantaí sin, d'fhéadfaí an coláiste agus an talamh a thabhairt do údaráisí an Choláiste, saor ó chíos dá laghad. Nach mór idir inné agus inniu?

Labhair Eoin Mac Néill i nGaeilge (an t-aon duine a rinne sin) agus i mBéarla, ag fáiltiú roimh na daoine a raibh Gaeilge acu, agus rompu san a tháinig ar thóir na Gaeilge. Rinne sé tagairt do na miondifríochtaí idir Gaeilge Oirialla agus an teanga a labhartar ins na Gaeltachtaí eile.

Tá cuntas spéisiúil ag Seán Crawford ar an chéad seisiún de Choláiste Bhríde i 1912 agus is fiú an t-iomlán a chluinstin sa dóigh is go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar a raibh ar siúl i gColáiste Bhríde nuair a cuireadh ar bun é. Deir sé:

Bhí mise i measc na chéad scoláirí sa choláiste i 1912. Bhí na hardáin timpeall an tí mhóir clúdaithe le crainn, ach leagadh cuid mhór de na crainn i rith an chéad chogaidh mhóir.

Is cuimhin liom an tUasal Biggar a fheiceáil ag súgradh le naíonán i bpram, agus é ag caitheamh tudóige. Ba é Eoin Mac Néill an tArd Ollamh i 1912. Bhi féasóg air an uair sin, agus ba ghnách leis an chlár dubh a thabhairt amach faoin aer, aimsir bhreá, agus sinn a theagasc ar an *terrace*. Ábhar iontais i gcónaí chomh soiléir is bhí clog Fáilte an Aingil trasna an chuain ón Phoinnte.





# *Coláisde Bhrighde Oméith 1925*

*Photo supplied by friend of Tomás Mac Ardghail, Dún Dealgan.*

Lá amháin tháinig sean bhean—á dhíoladh úlla agus spíonáin—isteach sa choláiste. Bhí Gaeilge líofa aici, agus thosaigh sí ag margántaíocht le Eoin Mac Néill. Cheannaigh sé an ciséan ar fad uaithi. Dhíol sé go flaithiúil í, agus rann sé na torthaí ar an mic léinn nuair bhí an tsean bhean—a chaith ciarsúr dearg ar a ceann—imithe, ag guí beannachtaí Gaeilge orainn go léir.

Lá eile agus mé i ndiaidh rámhaíocht ón Phointe, ag gábhail fríd na páirceanna ions ar an choláiste, casadh Eoin orm ag spaisteoireacht roimh tosnú na ranganna. Bhí *rush-hat* ar an cheann—rud annamh anois, gan feidhm leis. Ba é an lá é go raibh na Fir Bhuí ag cur a n-ainmneacha leis an Covenant gan orlach de Chúige Uladh a ghéilleadh. Trasna an chuain tháinig ceol na bpíob agus na ndrumaí agus na bannaí ag triall ar stáisiúin na traenach. 'Ar chuala tú sin?' a d'fhiafraigh sé díom. Eoin Mac Néill a scríobh amhrán an choláiste dúinn agus is cuimhin liom Peadar Ó Dubhda a theagasc dúinn i bpáirteanna.

Bhí Seán Mac an tSaoi (athair Mháire Mhac an tSaoi) ann, an bhliain sin, agus iarnóin amháin agus muid ar ár gcois síos an *avenue*, tháinig muid ar dhá nó trí chapaill óga. Léim Mac an tSaoi go haiclí an dhruim ceann díobh, agus síos go dtí an geata leis an mhuin an eich.

Ócáid amháin a fhanfaidh i mo chuimhne, an lá a tháinig Alice Stopford Green ar chuairt, agus gur labhair sí linn. Bhí folt geal bán uirthi agus a ceannaithe uasal aosta ar lasadh le díograis nuair labhair sí faoi seantír na hÉireann. Fiú ag an am sin, thuigeamar gur bean ealaíonta aislingeacha í a raibh fís iontach aici.

Lá eile thug sagart óg, an tAthair Ó Donalláin, léacht ar cheol na hÉireann, agus a d'inis dúinn gurb é Glinka 'Athair Ceol na Rúise', a bhain feidhm as ceolta áille tíre ag cumadh a chuid ceol drámaí.

Ba mhinic an tAthair Ó Tuathail, Béal Feirste ár dteagasc. Cuimhnímid ar a leabhar beag módh na ráite 'Sin Seán, sin an teach a thóg sé'.

Bhí lá mór amháin sa choláiste, agus an Rathailleach (The O Rahilly) i measc na gcuairteoirí. Bhí gluaisteán aige, rud annamh san am. Chonacthas Claude Chevasse gona filleadh beag, go minic in Óméith Mara. Thug an tAthair Fullerton ceachtanna dúinn, agus tugaim chun chuimhne an Máistir Mac Cavitt, Liam de Bhaldraithe (Waldron), Dónal Ó Baoill, Éamonn Ua Tuathail, agus Aodh Mac Gréacháin ó Dhún Phádraig. Bhí Bean Mhic Néill fial flaithiúil i gcónaí. Is ioma féasta breá a chuir sí ar fáil dúinn nuair d'imigh muid ar sheilg sna sléibhte.

# Coláiste Bhríde Silver Medal turns up during Eigse



Sa phictiúr (ar chlé) tá Louie Kirwan a bhain bonn airgid (thíos) nuair a bhí sí ina scoláire i gColáiste Bhríde. Bhí clú ar clann Kirwan mar Ghaeil i gceantar an Iúir. Tharla go raibh Gaeilge ó dhúchas ag máthair Louie. Tháinig Douglas Hyde chuig Iúr Chinn Trá d'aon turas chun duais ar leith a phronnadh ar na Kirwans as ucht a ndílseacht don Gaeilge. Bhí Louie féin páirteach sa Land League, agus níos moille chláraigh sí le Conradh na Gaeilge ar an Iúr. Ba mhúinteoir scoile í. Tá sí curtha in Oméith.
(pictiúir : Betty Cranny)



Ní fhaca mé le fada duine de na sean mhúinteoirí ach amháin Peadar Ó Dubhda agus an tAthair Fullerton.

Thar na blianta déantar dearmad ar mhórán rudaí, ach ní féidir dearmad a dhéanamh ar dhraíocht chiúin na laethanta a caitheadh faoi foscadh bhrat Bhríde i measc na gCaoin Ghaeil. Trasna an tsrutha glé-chriostal a scarann sinn ón máthair-thír, tá an sean choláiste ina sheasamh. Bhí duine de na scoláirí is mo cliú san Eoraip ann, 'who was gracious enough to address the humblest of his pupils by their Christian names. That, however, is the spirit of the exquisite courtesy of the Gael.'

Thabharfainn rud maith ar spléachadh a fháil ar chlár an choláiste don bhliain 1912. 'Reading down the names would evoke memories of warm Autumn days, seated in class, on a high terrace, the aromatic breath of pine and firs in the drowsy air, the mountains of Mourne behind one and the mournful sound of the waves on the stony beach'.



Annie O'Hanlon, with one of the many visitors who called to her home in Omeath.

## Annie O'Hanlon, the last surviving native Irish speaker from Omeath, with Cardinal Conway.


Tá muid buíoch do Maura O'Hanlon a thug na grianghraif seo dúinn.



# Societies and celebrations of Newry's Catholic community.

*Holy Name Sodality, St. Catherine's, Newry.*






Oilithreacht an Ath. Uí Bhrolcháin
chuig Lourdes 1967.
Photo : Courtesy of Fabian Boyle



Caitlicigh an Iúir sna 1960í.



An aithníonn tú Pat Jennings sa phictiúr thuas ?










Photo : T. Price





*Caitlicigh an Túir sna 1960í.*



*Grianghraif le caoinchead Fabian Boyle.*





*Photos : Courtesy of Fabian Boyle*









**Thuas : Oilithreacht na nGael chuig Lourdes (1927). Peadar O Dubhda i lár báire. Thíos : Carraig an Aifrinn (An t-Túr).**
*Grianghraif le caoinchead Chlann Mhic Ardghail.*



# *Aiseanna theagaisc pronnta ar Bhunscoil an Iúir ag ball de Choiste an Chúige.*

As part of its ongoing support programme for the Newry Irish Language School, Bunscoil an Iúir, the local Gaelic League presented educational resources (for the teaching of mathematics) to Bunscoil representatives at a short ceremony held in late May at the Bunscoil premises. Audio equipment for use in two classrooms was also presented. The total support package cost several hundred pounds and was handed over by Mr. Séamus Mac Dhaibhéid of the Tomás O Fiaich Branch of the Gaelic League.



Thuas : Séamus Mac Dhaibhéid (Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge) agus seic á phronnadh aige ar Nóra Ní Raghallaigh, Stiúrthóir Naíscoil an Iúir. Thíos : Iarlaith O Broin agus seic á phronnadh aigesean ar Chiarán O Leannáin, Cisteoir Bhunscoil an Iúir. Gan tacaíocht den tsaghas seo ní bheadh sé ar chumas Bhunscoil an Iúir leanstan ar aghaidh.

D'éirigh le Craobh an Iúir de Chonradh na Gaeilge £1,000 a thabhairt do Bhunscoil an Iúir mar Phronntanas na hAthbliana.

## *Faillí Rialtas na Breataine cáinte ag Mac Dhaibhéid*

Commenting on the Gaelic League's contribution, An tUas. Mac Dhaibhéid said :

"In the absence of direct State funding for Irish medium primary education in Newry, the Ulster Executive of the Gaelic League is pleased to be in a position to offer some essential teaching and learning resources to Bunscoil an Iúir. We ask, once again, of the British Government and its representatives at the Northern Ireland Office, to apply the same funding criteria to Irish medium schools in the north of Ireland as apply to Welsh language and Scots Gaelic primary and second level education programmes."

**Mr. Mac Dhaibhéid added :**


"The O Fiaich Branch, as a result of a fund-raising drive which drew a generous response from members of the business and professional community in the Newry area, has distributed Gaeltacht scholarships to some Newry and district schools, and hopes to make available additional scholarships in the near future. We would like to take this opportunity to thank those who supported the Scholarship Fund."




Photo : Newry Reporter





# Images of the ongoing struggle to attain the basic human right of State-funded Irish medium education for our children.



Left : Newry Bunscoil parents picket the British Embassy in Dublin.
Above, centre : American Natives show solidarity with Bunscoil pupils.
Above, right : Liz Curtis, historian and human rights activist, lends support to Bunscoil fund-raising.
Right : Bunscoil pupils singing carols at their Christmas Party.



# Séamus-Éigeas in Ard Mhacha

by Aileen Doherty
(GCSE Media Studies, St. Catherine's College)

Nuair a d'oscail Séamus Heaney an leabharlann nua i gColáiste Chaitríona Ard Mhacha corradh is bliain ó shin, ní raibh éinne ag smaointiú ag an am go mbeadh an Duais Nobel buaite ag príomh-éigeas ár linne sar i bhfad. Bhí sé soiléir áfach go raibh saoi inár measc agus ba onóir don scoil a mhacasamhail d'aoi a mhealladh chuig Ard Mhacha. Bhí Halla O Fiaich plódaithe, an lucht éisteachta ar fad tógtha agus bródúil gur ghlac Séamus Heaney go fonnmhar leis an cuireadh ár leabharlann úr a oscailt. Ba léir fosta go raibh an file féin thar a bheith sásta a bheith ar ais sna Sé Chontae agus é áthasach go raibh deis aige labhairt le scoláirí óga. Níor cheil Séamus Heaney a bhá leis an córas atá i bhfeidhm i gColáiste Chaitríona - eadhon, córas cuimsitheach a chuireann fáilte roimh daltaí cuma cén cúlrá atá acu agus a thugann cothrom na Féinne do chách. Mhol sé an scoil as an ard-chaighdeán oideachais atá á sholáthar inti do chailíní Ard Mhacha, agus chuimhnigh sé siar go dtí 1968 nuair a thug sé cuairt ar Scoil Chaitríona don chéad uair. Bhí dea-chuimhní aige ar leithéidí Jerry Hicks agus Seán O Baoill. Bhuail sé freisin an tráth úd le Paul Muldoon a bhí ag freastal ar Choláiste Phádraig ag an am.

Bhí Séamus Heaney dóchasach sonasach cainteach inár measc. Labhair sé fá staid na tíre, "this promising, equally perilous, historical moment we have arrived at in Ireland." Dúirt sé go raibh sé buíoch go raibh seans ag muintir na hEireann an tír ar fad a athchruthú sa dóigh is go mbeadh sí feiliúnach do gach saoránach - "we have a sense of getting a second chance, of walking anew into possibility..." Má bhí idir throm agus éadrom san aitheasc a bhí ullmhaithe aige do na mór-uaisle a bhí i láthair, ba mhian le Séamus féin seal a chaitheamh leis na daltaí gan daoine fásta sa chomhluadar agus nuair a fuair sé an deis labhair sé leo mar mhúinteoir séimh cruthanta. Seo a leanas cuid dá raibh le rá aige :

**Pupil :** When did you first start writing poetry ?

**S.H.** : I really started in earnest when I left university and started to teach. I was teaching in Belfast in a school in Ballymurphy, St. Thomas' on the Whiterock Road. When I was a pupil myself at St. Columb's, I wrote mostly parodies and joke stuff.

**Pupil :** After your Queen's days, how did you go about getting your first poem published ?

**S.H.** : Funnily enough, my wife heard me one night in my sleep, saying the following - "*well type it out, fold it up, put it in an envelope, and send it off.*" And that's what I did ! I sent my poem to the Literary Editor of *The Belfast Telegraph,* a man called Tom Carson. I didn't know him. Indeed, I didn't know anybody in the swim at that time. It was in November, 1962, and it was a poem about tractors. I sent another poem in December to *The Belfast Telegraph,* it was about turkeys. I sent another poem in after Christmas about a sheep fair, and it was rejected. A note came back saying "no sheep fairs until June." The Literary Editor wanted to keep in pace with the seasons. That time was very exciting for me.

I then sent a poem to *The Kilkenny Magazine,* a poem called "Mid-Term Break". Shortly after that another poem was accepted by *The Irish Times* It proved to be a magical four months for me. It was good for confidence-building. I didn't know the editors. It was reassuring to get the poems printed on their merit.

**Pupil :** You once described yourself as writing in "binges". Is that still your approach ?

**S.H.** : More or less. Yes. I've never been able to keep up a daily pattern of writing poems. But if I were giving someone starting out advice, I would say "make a lot of time for it." A senior Irish writer, Bryan Mac Mahon, said to me when I was a young man, "begrudge every minute you spend away from it." You must have inspiration, but you ought to give yourself the time to make something of that inspiration.


**Pupil :** Were you ever surprised about where you were or what you were doing when the inspiration struck you ?

**S.H.** : I was just thinking the other day about my poem "Bogland". I got the inspiration for that in London when I was changing my clothes. It was 1967 or '68 when I had gone over for a weekend. I was putting my foot in my trousers and, I don't know, somehow that's how the poem started. That for me was a very open poem. The last line of it is "the wet centre is bottomless". I think I must have been putting my leg into the trousers and finding there was no bottom to it !

..... The inspiration for "Digging" came when I was taking a bend in Bellaghy in a big Austin car, coming home from a ceili one night late, going around a corner at Castle Street. And you know in a car when you have to change gears taking a corner ? The idea of changing gear made me think of going from spade to pen, from one generation to the next generation. It was all in that action. That kind of muscular action imitates the kind of sociological thing that is going on in the poem.

**Pupil :** Do you enjoy teaching?

**S.H. :** I enjoy teaching, but I don't enjoy thinking about teaching. I always find a certain anxiety as I prepare for teaching. Those who are not teachers I don't think realise how testing it is. At Harvard I get up at 6.30 a.m. to prepare my work and I can be a little tense. If you have prepared, it's easy, but I generally don't like thinking about it. I free up though as I teach.



Famous -Séamus in Halla Ó Fiaich, St. Catherine's College.

# *Mná an Iúir*
# *Newry Women*



De réir dealraimh, is baill Chumann na mBan iad na mná atá ag máirseáil (thuas) ar Shráid Hill. Ar ndóigh, tá *guest-tea* á eagrú ag mná an Iúir (thíos).





(thuas) Ag obair i gceann de na monarchna a tháinig chuig Iúr Chinn Trá sna 1960í.
(thíos) Aoibh an gháire orthu ar fad - an chuma orthu gur Foraoiseoirí iad.






(thuas) Ag obair i gceann de na siopaí a bhí tráth ar Shráid Hill.
(thíos) Ag fáil réidh (Sráid na mBád is dócha) do mhórshiúl eaglasta.






(thuas) Lá Idirnáisiúnta na mBan - International Women's Day, Iúr Chinn Trá 1995.



(thuas) Mná páirteach i bParáid na Cásca (c. luath 1960í).
(thíos) Coimhlint idir lucht eagraithe A Women's Festival 1995 (Lady Mayhew mar phríomh-aoí) agus Roinn na mBan nach bhfuair cuireadh chun páirt a ghlacadh sa bhféile.






Photo : Newry Reporter


# Back to North Street

*Further reflections by*
*Gay Corrie, Barrow-in-Furness.*

## Street Games

In 1933/4 we lived at 4 Lr. North Street, opposite Ledlie's the drapers. As the house was a 'through' house it was also 3 Water Street, a shop which my parents ran for a time as a 'sweet' shop, similar to my grandmother's. One of my happiest memories of those days is the street games we played. I would be sitting at home amusing myself when I would hear a lone voice singing somewhere: 'Gather in, gather in, for a big, big ring! If you don't come quick you will not get in.' It was like the call of a Pied Piper and with the same effect. Out of the houses in all the surrounding streets the children would come running, and usually to 'the Dardanelles'. This was a sloping area of open ground opposite Lindsey Hill where houses had been demolished, though how it got its name I don't know: probably something to do with the Middle East place which featured in the Great War.

The organisers of our games, which involved around 30 to 60 children, were usually Mary and Maggie Woods (daughters of Stephen Woods, the cobbler) and sometimes Grace Malocca, whose family had a café in Hill Street and were noted for quality ice cream. There was a repertoire of about a dozen songs which had their own tunes and lyrics sung by the children. I recall the old standards - 'In and out through stalky bluebells', 'Our big ship went through the Alley-o', and 'Chip-chop, chip-chop, the last man's head off'. A game would end with the children having to pick between two words chosen at random by the leaders, such as 'gold' and 'silver' , and thus dividing into two teams which would then have a tug-of-war.



Other games came in season, though who decided when is a mystery. 'Marbles' would be the in-craze; then suddenly it would be 'Whips and Tops'. Chalk would be used to produce bright patterns when the top revolved. 'Racer' tops were favourites. 'Hoops' were for boys - we would run for hours, a short stick in hand, chasing bicycle wheel rims, small pram wheels, or the 'bought' wooden hoops. Our sisters were more inclined to twist a rope around a lamp-post and swing around, sitting in a loop of the rope. They would play at bouncing one or two small balls against a wall, chanting all the time, and whirling around or clapping hands while the balls were in mid-air. I admired their dexterity. They would also chalk numbers on the flagstones on the pavement (much to the annoyance of house-proud ladies) and play hop-scotch.

Boys and girls could share in 'Arrows'. Team A would set off, leaving a trail of small chalked arrows to show the route they had taken. After a short time, Team B would set off and follow the clues. Of course, the first team would try to deceive their followers, but not to the extent of spoiling the chase. Team A would usually arrive 'home' first.

*Photo below courtesy of Mrs. Patricia Mann.*



## School Days

My first schooldays were with the nuns at St. Clare's Convent, High Street, probably for two or three years. I can recall the classrooms vividly, but only two teachers. One was a young, pretty Miss O'Hare, and the other a middle-aged lady, Miss Elmer. My grandmother thought highly of her and once told me that when Miss Elmer died, if all the boys she had taught walked together at the funeral the streets of Newry should be thronged. Of the teaching nuns, I remember Sr. Dominic who had an aura of authority, and Sr. Gabriel. Because of my name I thought that my stay in her class would be pleasant one, but I was sadly mistaken. She was most severe with me, probably to show my companions that there was no favouritism. I last saw her at Mayobridge Convent in 1961 but she didn't know me.

On 8th August, 1932, I went to the Christian Brothers' School in Kilmorey Street and found myself in Bro. Kelly's class. He was a disciplinarian with a red jolly-looking face and a sense of humour. But his reputation was awesome. Whenever he showed his face in North Street he had only to wave his blackthorn stick and the street would empty of children, boys AND girls. When it was my younger brother's turn to enter Bro. Kelly's class he was so frightened that my mother had to take him there every day—much to Bro. Kelly's surprise. It was more the man's reputation than anything he did. I met some good friends there: Joe Greenan (dare-devil on a bike), Joe O'Boyle (Warrenpoint), Turlough O'Donnell (usually top of the class), T. P. Murphy (very reliable as a chum) and Eugene Quinn, who lived on Monaghan Row, I think.

Once we were 'drilling' (physical exercises) in the school yard. On one command we raised our hands high in the air, and on the next word we touched our toes. I was in the front rank, facing the school wall, and couldn't see what anyone else was doing, but somehow I got the sequence wrong. When the others were going up, I was going down, and so on. Well, while I was touching my toes, Bro. Kelly softly tip-toed up behind me and gave me a terrific whack on the backside with his leather. I jumped a mile! It stung me, but not so much as the howl of laughter that went up from the dozen or so people who were watching through the railings. I have never forgotten the embarrassment and can still imagine those few moments when I was unaware of what was about to happen - to become an object of ridicule for the crowd.

That was the time when I first saw a pupil bullied by a gang simply because he was small in stature, a boy called Kevin. Some boys seized him and pretended to set his hair on fire. It certainly scared *me*..

In the run-up to the 1935 Silver Jubilee celebrations the tobacco companies brought out suitable cigarettes cards including one set, 'Kings and Queens of England'. We all collected them. Bro. Kelly found a picture-card of King George V tucked in the back of my exercise book and from then on he called me 'Georgie'.

In 1950, just before taking up my first teaching appointment and about to be married, I wrote to Bro. Kelly, c/o Newry C. B. S., and received a lovely reply

which I kept for a long time. 'Dear Gabriel, better known to me as Georgie . . . Thank you for writing to me . . .I asked God to let me end my days among the poorest of the poor and He has done just that . . . It is a hard profession you have chosen . . . I wish you and your intended God's choicest blessings . . . Brother Kelly.' He was a good man. I was sorry when he died. But one last memory of him : we used to go into the next classroom for Singing, and the lay teacher there would play the piano. His class was seated in the front desks so we stood on the seats on the rear. As we did not know either the words or the tunes we stood there like dummies until Bro. Kelly took his leather and went along the row of short trousers with a rapid succession of smacks and a hissed 'Sing up!' We opened our mouths and went through the motions of singing - but learned those songs in record time!

After Kilmorey Street we went on to Margaret Street (or 'the Carstands' as it was known) where Br. Hennessy and Br. Ryan taught us for a year in turn. Then it was the Secondary school at Abbey Yard and various teachers for the different subjects. Bro. O'Donnell was our Head Teacher. Each morning he came round the classes to enquire who was absent but never noted down the names. (Either his memory was exceptional or else he jotted down the names outside the door.) Mr. Peter Curran taught the Intake or 'Prep' Class, if I remember correctly, but we also had Mr. Fitzpatrick (stocky man, sometimes came in 'plus-fours'), Mr. Crinion (teacher of Irish Language), Mr. Hoy (Maths), Bro. Newell (History). I enjoyed his lessons, manner and approach, so much that I adopted these in part during my own career as a history teacher. (To be honest, my lesson on Henry VII, and my blackboard summary, was a copy of Br. Newell's lesson. That was the impression the man made on me.)

Physical Training was in the hands of Mr. Brown who gave the impression of having been in the Army. At least we could 'form fours' with the best, and run, in a column, twice around the football pitch. I preferred being outside to going into the gym where the 'horse' and the ropes were but a torture to me. I still have absolutely no interest in sport.

I was beginning to take an interest in music. Mr. Delafaille, the Cathedral organist took us for Singing and Theory. The latter was especially useful to me as I was studying piano with Sr. Brigid and even trying to compose. But that's another story. I left the Christian Brothers with the panic of finding a job that would keep me in Newry with my grandmother, as my father was now being transferred in his employment as a postman to Ballsmill, near Silverbridge, some nineteen miles away.

*Cúis bhróin dúinn a chur in iúl dár leitheoirí go bhfuair Jimmie Mc Mahon, cara le Gay Corrie, bás ó bhí Cuisle na nGael 9 ar díol tá corradh is bliain ó shin. Ba é Jimmie féin a spreag Gay Corrie chun teagmháil a dhéanamh linn. Bhí spéis as cuimse ag Jimmie in a dhath ar bith a bhain le ceantar an Iúir. Go ndéana Dia trócaire ar a anam.*




*Fitzpatricks' Shop North Street*

# *Tomás Mac Ardghail*
# *1916 - 1995*
## *Eagarthóir Cuisle na nGael*

***Aitheasc a thug Séamus Mac Dhaibhéid, Conradh na Gaeilge, cois na huaighe, an lá ar cuireadh Tomás Mac Ardghail.***

**A chairde Gaeil, idir chléir agus tuataí**

Tá muid cruinnithe le chéile anseo ar ócáid bhrónach do Ghluaiseacht na Gaeilge in Iúr Chinn Trá. Tá Tomás Mac Ardghail, Conraitheoir agus Poblachtánach bailithe uainn agus cé go raibh Tomás breoite le tamalt anuas, ba scéal tubaisteach é nuair a d'fhoghlaim muid gur shaothraigh sé bás i nDoire. Déanann a chairde i nGluaiseacht na Gaeilge agus a chomrádaithe i nGluaiseacht na Poblachta comhbhrón ó chroí lena dheirfiúreacha May agus Clare, lena dheartháireacha Matt agus Paddy, agus lena ghaolta go léir. I measc laochra na nGael sna flaithis go rabh a anam uasal.

Is cosúil gur chuir muid aithne ar Thomás i gcomhthéacsanna éagsúla mar bhí sé páirteach ina lán eagraíochtaí in Iúr Chinn Trá. Ba fhear ildánach é Tomás - teangeolaí a raibh an Iodáilis, an Fhraincis agus an Ghearmáinis ar a thoil aige; amhránaí a bhí ina bhall den Cór Doiminiceach agus a raibh an chur amach aige ar an ceol clasaiceach agus ar an ceol dúchasach. Ba imreoir beiriste é; ba chomhalta den Old Newry Society é; ba aisteoir é a bhí orthu siúd a bhunaigh **Aisteoirí an Iúir**; ba mholtóir é ag na féiltí dramaíochta i nGaoth Dobhair agus ar fud Chúige Uladh. Bhí sé páirteach fosta insan cumann rinnce cáiliúil a bhí tráth den saol ag Arthur Burns. Thacaigh Tomás le gach rud a chuir cultúr na tíre chun tosaigh agus a bhí ar leas phobal an Iúir. Bhí sé fial lena chuid ama, bhí sé flaithiúlach lena chuid airgid.

Is fada baint ag Tomás Mac Ardghail leis an Ghaeilge agus le Conradh na Gaeilge. Sna lárthríochaidí, agus Tomás sa bhliain deiridh ar scoil, ba nós leis cuairt a thabhairt ar Mary Berry a raibh cónaí uirthi ag an am ar Bhóthar Chamlocha, bean a raibh cuid de Ghaeilge Chill Shléibhe aici go fóill. Ba sna tríochaidí freisin a chláraigh Tomás le Craobh an Iúir de Chomhaltas Uladh agus thosaigh sé ag dul go Rann na Feirste. Bhí clú ar Thomás mar dhuine a raibh saineolas aige ar Gaeilge Chúige Uladh. Bhí Gaeilge shaibhir bheacht aige agus féadaim a rá go cinnte gur chaith sé a shaol ag iarraidh an Ghaeilge sin a roinnt leis na céadta duine eile. Bhí níos mó na caoga bliain caite ag Tomás ag saothrú ar shon aidhmeanna Chonradh na Gaeilge. Bíodh sé ina mhúinteoir taistil i ndeisceart Ard Mhacha; ina mháistir scoile ar an Omaigh; ina dhíograiseoir teangan i gcomhluadar Pheadar Uí Dhubhda i nDún Dealgan; nó ina cheannaire ar Ghluaiseacht na Gaeilge ar an Iúr, ní dheachaigh lá thart gan Tomás ag déanamh rud inteacht ar son na Gaeilge. Agus fiú le dhá mhí déag anuas, agus Tomás ag tarraingt ar cheithre scór bliain d'aois, chuidigh sé le compántas nua aisteoirí a bhunú, **Aisteoirí**

**Oirialla**; d'fheidhmigh sé mar ba ghnách mar eagarthóir **Cuisle na nGael**; theagasc sé Ard-Rang Chraobh an Iúir; thug sé léacht ar stair Choláiste Bhríde in Omeith; agus ba liosta le lua na rudaí eile a rinne sé. Ba fhear gnímh é - bhí i gcónaí 'beart de réir briathair' mar mhana aige.

Bhí sé tráthúil gur rugadh Tomás Mac Ardghail sa bhliain 1916 mar an spiorad agus an misneach a rith trí chuislí laochra na Cásca, rith siad trína chuislí féin. Ba Phoblachtánach den scoth é Tomás, duine iontaofa a raibh dínit agus uaisleacht ag baint leis. Níor laghdaigh riamh a dhóchas faoi thodhchaí na tíre seo ná a spéis i stair na tíre. Fiú go mall san oíche nuair a bhuail taom croí é i lár mhí Lúnasa anuraidh, bhí leabhar ar stair na hEireann á léamh aige. Má tá an teideal 'tírghráthóir' tuillte ag éinne in Iúr Chinn Trá san aois seo, tá sé ríthuillte ag Tomás Mac Ardghail.

Tá crann taca na Gaeilge ar an Iúr marbh mar sin, ach a bhuí dá dhíograis féin tá Gluaiseacht na Gaeilge níos folláine anois ná mar a bhí sí ó bunaíodh Conradh a Gaeilge níos mó ná céad bliain ó shin. Braitheann sé orainne, na daoine ar thug Tomás Mac Ardghail an Ghaeilge dúinn, na daoine a spreag sé chun a eiseamláir féin a leanstan, braitheann sé orainn anois fís Thomáis agus fís an Phiarsaigh a chomhlíonadh - Eire a dhéanamh chan amháin saor ach gaelach chomh maith.



# Saoirse na gcimí



*All photos taken in Camloch and Newry during 1995.*






# riachtanach don tsíocháin















## *Previous Newry campaigns to secure the release of political prisoners.*




*Bhí na slóite ar shráideanna Dhoire Beag nuair a ligeadh amach Seán Finnegan sna luath 1970í. An fada uainn an lá nuair a bheas na cimí ar fad ar ais lena ngaolta agus lena gcairde ?*



# *FABIAN BOYLE,*

*journalist with THE IRISH NEWS and well-known local photographer, reflects on County Down's first All-Ireland victory in 1960. The following Irish language version of Fabian's account was provided by the translation service offered by locally-based company* ***Cló-Rúraí****. We wish Fabian Boyle every success with his planned publication dealing with aspects of the history of County Down G.A.A. in the 1960's.*



*Leo Murphy in action*

'Ní thagann duine ar an tsaol agus é i ndán dó go mbeidh sé ina Churadh Uile Éireann, múnlaítear é ó phleanáil dhearfa, obair chrua, dúthracht agus díograis; spreagann aisling é agus bheir sé faoin rud dodhéanta a dhéanamh'. Seo an rud a deir Réalt an Iúir, Sean O'Neill, duine de na laochra móra a thug Corn Sam Mhic Uidhir trasna na teorann don Dún don chéad uair sa Ré Órga sin.

Ach ba iad Ard Mhacha, céile coimhlinte an Dúin, an chéad fhoireann as na Sé Chontae a d'imir i gCluiche Ceannais na hÉireann seacht mblian roimhe sin. Ní raibh idir iad féin agus an bhua stairiúl sin ach cic phionóis iomrallach. Rinne 'na hOráistí' sáriarracht Seaimpíní Bheanna Boirche a chur ó choróin sa chluiche éachtach i gCraobh Uladh i 1961.

D'fhógair an fear banna ceoil cáiliúl Breandán Boyer uair amháin 'Mura bé Paddy Doherty an tosach is fearr ariamh a d'imir Peil Ghaelach, damhsóidh mé an *Hucklebuck* ar dhíon Ardán Uí Ógáin.'

Dúirt James Mc Cartan, an tasarlaí, nach dtagann an rath go dtagann rún an bhuaite. B'fhearr le himreoirí macasamhail Tony Hadden bás a fháil ná an liathróid a chailleadh. Bhí diongbháltacht as an ghnáth ag na fir sin na bhfuil le fáil na laetha seo.

Léiriú ar an toil láidir agus ar an dúthracht a bhí san fhoireann ar an lá, Leo Murphy a rinne neamhaird de chomhairle an dochtúra agus a chuaigh chun na páirce sa chomhrac eipiciúil in éadan na Ríochta ar an Domhnach cinniúnach sin i Mí Mheán Fómhair 1960.

Ceithre huaire is fiche roimhe sin chuaigh an t-ábhar múinteora (atá anois ina phríomhoide ar Bhunscoil Chill Eoghain) chuig an

otharlann chun insteallaithe pianmhúchta a ghlacadh don ghortú glúin a bhain dó. D'fhágfadh an leigheas go dtiocfadh leis imirt sa chluiche ach d'fhágfadh sé go mbeadh sé ina chláiríneach go deireadh a shaoil.

'Ní raibh seans dá laghad ann go mbeinn fágtha ar an taobhlíne. Bhí barraíocht saothair curtha díom agam. Bhí beart le déanamh agus bhí fear diongbháilte de dhíth lena dhéanamh.'

Bhí máistir na Mistéalach Sean Ó Neill ar aon bharúil leis agus dúirt:

'Ní raibh seans dá laghad go mbeadh duine ar bith de na himreoirí sásta fanacht ar an taobhlíne i gcluiche ceannais na hÉireann. Bhí a spioraid agus a gcuid uchtaigh dochreidte. Cás báis nó bua a bhí i gceist.'

Ní dhéanfar dearmad choíche ar an ollghairdeas nuair a chloígh iomaitheoirí anaithnid Bheanna Boirche an fhoireann mháistriúil as Ciarraí a bhí breac le gaiscí móra ar dhóigh a d'fhág tráchtairí seaneolacha searbhasacha gan smid agus a chuir alltacht ar shaol uilig C.L.G.

Fágadh slán ag foireann an Dúin ó theach Ósta an *Imperial* i lár bhaile an Iúir. Nuair a cuireadh Easpag Dhroim Mór an Dr. Eugene O'Doherty nach maireann in aithne d'iareagarthóir spóirt an *Belfast Telegraph*, Malcolm Brodie dúirt an Phréaláid 'Chan a choíche ar an Domhnach' (Bhí Brodie ar dhuine de na daoine a bhí go mór in éadan imirt cluichí ar an Domhnach).

As leo ansin go Páirc an Chrócaigh i slógadh carranna agus busanna chomh maith le traenacha speisialta a thug an lucht leanúna agus a gcuid bratach ó dheas. Stáisiún Shráid Amiens (Staisiún Uí Chonghaile anois) an chéad áit ar stop mé le griangrafanna a ghlacadh den lucht leanúna a bhí le theacht. Ar aghaidh liom ansin go Sráid Uí Chonaill, áit a bhí breac le bratacha dearga agus dubha áit ar mháirseáil mé i bpáráid bua thart le hA.O. P. ainneoin nach raibh an cluiche buaite go fóill.



*Photo : Courtesy of Frank Mallon*

Taobh istigh den pháirc stairiúil bhí atmaisféar dodhearmadta ann. Bhí 90,000 lucht féachana cíocracha i ngach aon pholl agus phrochóg a dtiocfadh theacht orthu. Bhí oiread daoine fágtha taobh amuigh gur inis Patsy O' Hagan domh go raibh sé féin agus Breen Morgan ar an bheirt dheireanach leis an tseomra feistis a fhágáil, agus gur oscail siad an cúldoras agus gur ligeadh na scórtha amach ar an taobhlíne.

Tá cuimhne cheomhar ag an chuid is mó de na daoine, na peileadóirí féin san áireamh ar an cluiche féin. Ach is cuimhin le cách go soiléir na bomaití neirbhíseacha sin agus muid ag fanacht leis an fheadóg dheireanach a chluinstin. Agus ar an dóigh ar fholmhaigh na scaiftí amach ar an pháirc agus gan an cluiche thart go fóill. Chonacthas daoine stuama agus sceitimíní áthais orthu agus deir Leo Murphy go bhfacthas seanfhondúirí ag caoineadh.

Bhronn An tUachtarán de Valera Corn Sam Mhic Uidhir ar an mhúinteoir as Baile Hill, Kevin Mussen, ar Ardán Uí Ógáin. Bhí Kevin Mussen ina chaptaen ar go leor foirne as an Dún a chaill sna chéad bhabhtaí de Chraobh Uladh. Ní tharlódh sé arís!

Ní dhéanfar dearmad ar an cheiliúradh nuair a tugadh Sam Mac Uidhir trasna na teorann don chéad uair, an teacht buacach isteach chun an Iúir, óráidí ó na laochra agus sluacheol an *Little town in the Old County Down.* Chuathas ansin chun an Chaisléain Nua áit a raibh tinte cnámh agus bratacha feadh an bhealaí.



An bhliain dar gcionn i ndiaidh dóibh An tSraith Náisiúnta Peile chomh maith le go leor duaiseanna eile a bhaint, bhí siad ar ais i bPáirc an Chrócaigh agus iad ag cosaint a gCraoibhe. Ach roimhe sin b'éigean dóibh an bhua a fháil ar Chiarraí. Bhí fonn díoltais ar fhoireann Chiarraí i ndiaidh díoma na bliana roimhe sin. Ach bhí foireann an Dúin ró-ábalta, bhí táithí agus muinín cruinnithe acu.

Chuir an tráchtaire iomráiteach Mícheál Ó hEithir síos ar an choimhlint idir na Tíotáin mar cheann de na cluichí ab fhearr dá bhfaca sé riamh. Barúil a n-aontódh an lucht féachána go mór léi.

Chuir an turas go cósta na Stát Aontaithe an dlaoi mhullaigh ar an cheiliúradh. Fuair an fhoireann fáiltithe oifigiúla agus thug siad cluichí taispéantais i Nua Eabhrach, Bostún, Chiceagó agus San Fransisco. Fuair imreoirí leithéidí Tony Hadden tairscintí éadálacha mealltacha ó fhir ghnó Gaelmheiriceánacha fanacht agus imirt do fhoirne áitiúla.

Ach creideann go leor daoine gurb é an turas seo go Meiriceá a rinne aimhleas na Seaimpíní. Shíl siad nach mbeadh deacracht dá laghad acu an tríú Craobh as a chéile a bhaint ach bhuaigh an Cabhán orthu i gCraobh Uladh i 1963. Bhí deireadh ré tagtha!


Sé bliana ina dhiaidh sin d'éirigh le foireann ógánta an Dúin an barr a bhaint amach le cuidiú cúpla seanfhondúir cosúil le Sean O'Neill, Paddy Doherty, Joe Lennon agus Dan Mc Cartan.

Ar ndóigh tháinig Sam Mhic Uidhir chun an bhaile chuig Beanna Boirche ó shin agus bíonn muintir an Dúin i dtólamh dóchasach go mbeidh bua eile ag peileadóirí an Chontae i bPáirc Uí Chrócaigh le hórchuimhní a thabhairt ar ais ar na seanlaetha i 1960.

---

# Ag tacú leis an Bhunscoil

Leading Ulster Unionist, Chris McGimpsey, joins Bunscoil an Iúir picket outside the British Embassy in Dublin.




Pic. le D. Mac Eoin

**Dhá phictiúr ó Bhaile Hill  Pic. le caoinchead Stephen Loughran**






The Post Office, Hilltown, Co. Down




Rinn Mhic Giolla Rua  Pic. le Margaret Comer

# "An Puinnte Gallda" - muintir Uí Méith

## c. 1908



# Saoir loinge

## Longcheárta Rinn Mhic Giolla Rua








*Warrenpoint photographs courtesy of Seán Daly*



# Newry's Constitutional Nationalists

## Members of the Irish Citizens' Association at a convention in Belfast



Tuigtear dúinn gur baill an Bhoird Bardachta (Iúr Chinn Trá) atá sa phictiúr thíos (c. 1947). I measc leo siúd atá sa ghrianghraf, tá :
W.H. Cooke M. McCreesh John Shiells P.J. McGinn Chas. Magee
J.L. O'Hagan Bernard Murphy Matt Cunningham
W.B. O'Donoghue Thomas Martin George Irwin J. Mc Donnell
O. Jordan D. McDonnell

The **Cuisle na nGael** Committee wishes to express its thanks to the individual who supplied the historic photo below (and several others) for this edition of the magazine.



# Entertainments in Newry




Jackie Hearst Band Pic. le Andy Tohill

# Siamsaí san Iúr



# Newry Foresters' Band Parade



# Finnard Flute Band (Orchard Bar) c. 1905.





Pic. le Margaret Mc Williams




Top photo : Boyle Family  Bottom photo : F. Boyle



# NEWPOINT PLAYERS

## an cumann is bisiúla i limistéir an Iúir

Photos courtesy of the Carroll Family





# *Geamaireacht an Iúir 1938*

pic. Newry Reporter




*This old photograph of a Dick Whittington Pantomime in 1938 in the Town Hall, should recall happy memories for many Newry folk. Included are P. J. McKay, Harry Heather, Albert Hayes (dentist), Lily Gallagher, Kathleen McKay, Robin Dane, Jack Somerville, Sam McMullan (chemist), Vincent Fox whose father had a barber's shop in Hill Street, Pete Durnin, Susan Patterson, Sheila Massey, Coralie Hardy from Doran's Hill and the little girl is Heather Magowan.*


# Banna N. Iosaef

## leis an Stiúrthóir Tommy Mulligan



# Ceoltóirí na Rinne

*(pic. Seán Daly)*






Thuas : Banna skiffle **The Satellites**. An aithníonn tú duine ar bith eile seachas Jim Gorman ? Thíos : grianghraf den Wolfe Tone Band agus iad ag máirseáil i bParáid na Cásca níos mó ná fiche bliain ó shin.



# Arthur Burns
## Pic. le Lily Fox





Newry Irish Dancers - a photo from the Quinn Collection

# A Time In Our Lives
## *Lá dár saol*

"A Time In Our Lives", launched in December 1995, marked the tenth publication of the Workers' Educational Association as part of its **People's History** series. This latest volume was the joint production of the Jonesboro Luncheon Club and the WEA. Taking four years to reach completion, the book engaged over forty people involved with the Luncheon Club. Jack Johnston of the WEA co-ordinated the whole project.


"A Time In Our Lives', as stated in its introduction, is not an academic historical work. It offers, however, a simple, honest account of one of the most significant periods of change in the history of Ireland and indicates how such change impacted on this particular rural community. Much of the material is typical of other rural parish-type histories, but Jonesboro's location on the border which had been created between north-east Ireland and the rest of the island endowed the area with particular economic practices. One of the book's most interesting sections indeed deals with local smuggling practices, eloquently rendered by the late Jim Murphy of Dernaroy.

The book, in landscape format, retails at £4.95. The text is contained between two striking sepia-toned photographs. The cover photo depicts a threshing scene at Patrick Loughran's farm in 1924 and shows how team-work secured a successful harvest. The photo therefore captures the spirit of the book itself - the collective endeavour of the club's members and volunteers ensured that the *seanchas* of Jonesboro has been secured for future generations. The 70 pages have been divided into 15 short chapters, each dealing with different aspects of social and economic history. The text is generously illustrated with photographs from the locality. The humour, compassion and strong sense of community displayed by the contributors give the book its human touch. Witty anecdotes complement the narrative. I particularly liked the incident described when Mick Jones, while a pupil at Jonesboro School, was accidentally jabbed with a pen-nib. The offending weapon couldn't be found. Some sixty years later, a dentist in the USA carried out an X-ray on this same Mick Jones only to discover a pen-nib lodged in his patient's gum. There was the individual too who got powerful wear out of his wedding suit - he was still wearing it to Mass, 25 years after the nuptials.

"A Time In Our Lives" is accompanied by a valuable reminiscence guide which was produced in conjunction with the Volunteer Bureau in Newry. The historic photos generated by the project have been transferred to slide with the assistance of the publishers of "*Cuisle na nGael*" and form an additional reminiscence resource.

*Comhghairdeas arís* to all involved in the project from the Jonesboro area. The whole package stands as exemplar material for other senior citizens' societies and will prove an invaluable resource for local schoolchildren as they cover the educational themes of Cultural Heritage and Education for Mutual Understanding. A special tribute has been earned by Aveen Morgan, the driving force behind the project, ably assisted by the group leaders Nancy Ferrier, Ann Begley, Brigid Devlin, Brigid Fearon, Mary Hughes, and Nuala Mc Verry (computer operator).

*Deborah Uí Dhaibhéid*
*(Newry Volunteer Bureau)*



# Patrick McNamee, Crossmaglen Gaelic League, reviews *Pádraic Ó Conaire - Scéal a Bheatha* by *An tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith* of Our Lady's Grammar School, Newry.



Beathaisnéis thar a bheith spéisiúil atá curtha ar fáil dúinn ag an tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith sa leabhar toirtiúil seo "Pádraic O Conaire - Scéal a Bheatha" (Cló Iar-Chonnachta 1995 £15 clúdach crua). Tá Eibhlín féin ar fhoireann teagaisc Chlochar na Trócaire ar an Iúr agus tá aithne ag Gaeil an Iúir uirthi mar mhúinteoir cumasach agus mar scoláire éirimiúil. Mar chruthúnas ar a hobair thaighde tá corradh is 380 scéalta agus aistí a cheap Pádraic O Conaire (POC) aimsithe ag an tSiúr Eibhlín - scríbhinní a bhí faoi cheilt go dtí gur tháinig Eibhlín orthu. Is léir gur bleachtaire caidéiseach í le cois na tallana eile atá aici. Maidir leis na finscéalta agus na miotais a cumadh fá POC, cuireann Eibhlín ar leataobh iad. Taispeánann sí pictiúr iomlán de Phádraic - an náisiúntóir, an sóisialaí, an taistealaí, an t-ealaíontóir, agus an ceannródaí a rinne iarracht litríocht as Gaeilge a fhorbairt agus a déanamh feiliúnach don saol freacnairc.

Rugadh an Chonaireach sa *Lobster Pot Bar*, teach tábhairne trí stór ar na duganna i nGallimh. Cé go raibh an Ghaeilge ag a thuistí araon, tógadh POC le Béarla - go deimhin bhí aithne air mar Paddy Conroy go dtí gur thosaigh sé ag scríobh as Gaeilge. Faigheann muid sonraí ón údar fán oideachas a fuair POC agus leanann muid é go dtí Londain :
"Nuair a bhain sé Londain amach, bhí sé seacht mbliana déag d'aois - stócach óg dathúil a raibh éirim ann agus buanna na samhlaíochta aige. Bheadh sé go cionn cúig bliana déag ag cur eolais ar an saol, ag dul i dtaithí ar an saol sa chathair mhór choimthíoch sin a raibh an oiread sin de mhuintir na hEireann i ndiaidh lonnú inti."
Bhí tionchar nach beag ag Conradh na Gaeilge ar fhorbairt Phádraic mar dhuine agus mar ealaíontóir, ".... tháinig (Pádraic) i méadaíocht faoi bhrat Chonradh na Gaeilge i Londain." Ba le linn dó a bheith i Londain fosta gur chláraigh sé leis na hOglaigh - bhí sé ina chomhalta de Chomplacht a hAon d'Oglaigh na hEireann, Londain (bhí cara leis, Micheál O Coileáin, sa Chomplacht céanna).

Tugann Eibhlín Ní Chionnaith léargas cuimsitheach dúinn ar dhearcadh Phádraic Uí Chonaire ar chúrsaí polaitiúla. Níl aon dabht ná gur sóisialaí ab ea POC (thug sé 'sóisialaí idirnáisiúnta' air féin) gidh gur éadócha go raibh sé ceangáilte le cumann sóisialach ar bith :
"Ba chúis feirge agus díomá dó an éagóir a bhí á déanamh ar an lucht oibre agus an chaoi a mbíodh an brabús go léir ag fostóirí." (l. 87).

Ach cén sórt pearsantacht a bhí aige ? Bhí sé 'lom dáiríre' ar a lán bealaí dar le Eibhlín :
"Tá gach duine a raibh aithne acu air ar aon intinn nach dtiocfadh leat gan cion a bheith agat air. Is cinnte go raibh sé cairdiúil le saibhir agus le daibhir i ngach áit, ach mar sin féin, ba thearc na dlúthchairde a bhí aige. Aonarán a bhí ann go bunúsach." "Duine a bhí in aghaidh coinbhinsiúin" a bhí in POC freisin. Sheas sé leis an neach a bhí thíos : "Bhí bá aige leis an íochtarán agus rinne sé cúis leis an té a bhí faoi leatrom a agairt, cuma cérbh é."

Bhí an Ghaeilge iontach tábhachtach ina shaol - "... bhí an Ghaeilge agus grá duine do chúis na Gaeilge an tslat tomhais a bhí ag an Chonaireach le héifeacht duine a mheas." Ar ais in Eirinn dó agus é gníomhach i gConradh na Gaeilge, thug POC cuairt ar Oméith (Feabhra 1916) chun fáil amach stáid na Gaeilge ann. Is spéisiúil an cuntas a scríobh sé do "An Claidheamh Soluis" (24/4/1916) ar a thuras go dtí Oméith :

Chaith mé ocht lá nó naoi lá anseo. Bhí an aimsir go cráite ach chuardaigh mé gach baile fearainn sa pharóiste ina bhfuil an teanga á labhairt ann. Is beag duine san áit nár chuir mé a bheag nó a mhór de chaint air i nGaeilge.
Staid na teanga in Óméith

Scoileanna: Go dona. Beagán Gaeilge i gcúpla ceann acu. Na hoidí neamhshuimiúil nó in aghaidh na Gaeilge ach amháin aon oide cúnta amháin agus tá sise an-dúthrachtach. Na sagairt gan Ghaeilge. Na siopaí gan Ghaeilge. Go deimhin níl aon duine san áit a bhfuil údarás aige a bhfuil Gaeilge aige. Na daoine féin, lag spiorad ag a bhformhór. Gaeilge ag gach duine atá os cionn 60 bliain ach ní labhraíonn siad í. Mo bharúil féin: Tá an Ghaeilge ag fáil bháis ann. I gceann 30 bliain beidh sí chomh marbh ann is atá anois i gCill Mhantáin, mura ndéantar iarracht faoi leith í a sciobadh ón mbás.

Feiceann muid fosta sa leabhar lán d'eolas seo POC an t-úrscéalaí agus an criticeoir. Cuirtear ar na súile dúinn na cosúlachtaí idir an Chonaireach agus Charles Dickens mar shampla. Cuirtear os ár gcomhair leis an fear a thuig go raibh "an litríocht an moirteal a choinníonn teanga chine le chéile" (POC) agus a thuig go rí-mhaith fosta go raibh an léirmheastóireacht riachtanach má bhí todhchaí le bheith ann don "planda óg" (POC) an nualitríocht.

Tá nod tugtha ag an tSiúr Eibhlín dúinn go bhfuil leabhar eile ar na bacáin aici, leabhar "ina gcuirtear síos go mion agus ina ndéantar anailís dhomhain" ar shaothar Uí Chonaire. Tá an oiread sin d'fhaisnéis soláthraithe ag Eibhlín anois go mbeadh sé áisiúil ag RTÉ clár substaintiúil a dhéanamh fá shaol agus fá shaothar Phádraic Uí Chonaire. Ach b'fhéidir gur seo dúshlán do Theilifís na Gaeilge ?




Photograph of Eibhlín Ní Chionnaith and Our Lady's 'A' Level Irish students courtesy of NEWRY REPORTER.


THE NEWRY FURNITURE
ESTABLISHED
1840
& CARPET WAREHOUSE
JOHN J. McAREVEY. 88.
GRAND
PIANOS
PIANOFORTES
COLLARD & COLLARD
PIANOS

. . . ESTABLISHED 1840.

# Newry Furniture and Carpet Warerooms.

## 88, HILL ST., NEWRY.

**Furniture, Linoleums, Bedsteads, Carpets, Matting, Bedding, Curtains, Rugs, . . . . Poles & Blinds, Overmantels, Pier Glasses,**

ALWAYS A LARGE AND MOST VARIED STOCK.


## PIANOFORTE DEPARTMENT.

**SPECIAL PIANO**
**£26 15s. Cash,**
OR 17/6 PER MONTH ON THREE YEARS' SYSTEM.

Pianofortes by
Collard & Collard,
Schiedmayer, . .
Knauss, . . . .
Brinsmead, &c, .

## FURNITURE PACKED AND REMOVED

BY ROAD, RAIL, OR SEA.




FURNITURE WAREHOUSED.

Houses Furnished on Hire or on Three Years' System.

Estimates for all Classes of Cabinet Work, . .
Window Blinds, &c.. furnished on application.

## JOHN J. M'AREVEY, NEWRY.

# Craobhacha Chonradh na Gaeilge i gCúige Uladh c. 1910

## LIST OF BRANCHES, &c.

## ULSTER.

### ANTRIM.

| *Name of* Craobh. | *Name of* Rúnaire. | *Address of* Craobh. |
|---|---|---|
| West End | Wm. A. Leyden | 8 Loreto-terrace, Springfield-rd., Belfast. |
| St. Malachy's College | John Bonner | St. Malachy's College, Belfast. |
| St. Patrick's | —— | Club Rooms, Stephen-st., Belfast. |
| Oirín | Miss T. Savage | 14 Dawson street, Belfast. |
| Bhreadach | W. J. Darby | Rosario N. S., Ballynafeigh, Belf. |
| Cill-na-nóg | Patrick J. Gallen | 5 Gilford-street, Belfast. |
| Greencastle | H. Kearns | Greencastle N. Schools, Belfast. |
| Belfast | —— | 13 Lombard-street, Belfast. |
| Baile Mac Airt | Patrick J. Gallen | 5 Gilford-street, Belfast. |
| Fr David Mulcahy | John MacAreavey | Foresters' Hall, 67 Mill-st., Belf. |
| Naoimh Poil | John MacGinley | 10 MacAlinden-terrace, Falls-rd., Belfast. |
| Ar dTeanga Féin | J. S. Gilligan | 44 Berry-street, Belfast. |
| Binn Madagáin | Tomás Ó Cléirigh | St. Mary's M. N. Schools, Institution-place, Belfast. |
| Bhriain Óig | Diarmaid Ó Bhriain | 21 Locan-st., Broadway, Belfast. |
| Lios na Bhfian | James J. Murphy | 71 Beechfield-street, Belfast. |
| Ollamh Fódla | Bulmer Hobson | 6 Hopefield-avenue, Antrim-rd., Belfast. |
| Killead and Camlin | J. Heffron | Aldergrove, Co. Antrim. |
| St. Comgall's | Kathleen O'Coghlan | Larne. |
| Ballymena | Hugh Rooney | Male N. S., Ballymena. |
| Carrickfergus | J. Savage | Carrickfergus. |
| Glenarm | Miss W. Clancy<br>Miss Martin | Seaview N. S., Glenarm. |
| Lisnagarvey | James Keenan | Blaris, Lisburn. |
| Portglenone | P. MacLoughlin | Portglenone. |
| Carnlough | Miss Mary Kathleen MacGuire | Carnlough. |
| The Rock | Daniel H. O'Doherty | The Rock, Stoneyford, Lisburn. |

### ARMAGH.

| | | |
|---|---|---|
| Craobh Ruaidh | Rev. J. W. Brady<br>P. Judge, N.T. | Armagh. |
| Portadown | Patrick O'Rourke | 1 High-st., Portadown. |
| Keady | Frank O'Neill | Keady. |
| Bessbrook | Joseph Mulligan, N.T. | Bessbrook. |
| Camlough | —— | Camlough, Newry. |
| Lislea | Eugene O'Callaghan | Lislea, Camlough, Newry. |

### CAVAN.

| *Name of* Craobh. | *Name of* Rúnaire. | *Address of* Craobh. |
|---|---|---|
| Cavan | Seóirse Ó Mecadha | Fagan-ter., Cavan. |
| Loch Saighean | John MacCaffrey | Garrysallagh N. S., Mt. Nugent Cavan. |
| Loch Reamhair | Lawrence Gillick | Virginia. |
| Tóin-re-Gaoith | J. Finnegan | Bailieboro'. |
| Muintir Bheirní | — Fitzsimons, N. T. | Enagh N. S., Virginia, Co. Cavan. |
| St. Ultan's | P. E. O'Farrelly | Kilenker E., Co. Cavan. |
| Dan Macairne | M. MacEntyre | Lisduff P. O., Maghera. |

### DERRY.

| | | |
|---|---|---|
| Cumann Litiortha na Gaeilge | R. C. Ua Cnaimhsighe | Association Rooms, Foyle-street, Derry. |
| Naoimh Colum-Cille | P. I. Ua Flannagáin | 43 Elmwood-terrace, Derry. |
| St. Eugene's | Rev. J. L. MacGettigan | St. Eugene's, Derry. |
| Baile na Sruine | Peter A. MacNamee | Baile na Croire. |
| Magherafelt | J. J. Scullion<br>P. O'Ceallaig | Magherafelt. |
| Swatragh | Frank Bradley | Swatragh, Maghera. |
| Kilrea | Chas. O'Neill | Gortmacrane, Kilrea. |
| Straw | James O'Kelly | Strach, Ballinascrene. |
| Lavey | James P. MacGurk | Gulladuff, Knockloghrim. |
| Buncran | —— | Buncran, Maghera. |
| St. Lowry's | John Walsh | Maghera. |
| Anaghorish | William Gribbin | Anaghorish, Castledawson. |
| Moneyneana | P. MacNamee | Moneyneana, Draperstown. |
| Greenlough | Miss Tillie L. O'Kane | Lowland Villa, Portglenone. |

DONEGAL.

| | | |
|---|---|---|
| Killybegs | Patrick A. Mulreany | Killybegs. |
| Townawilly | Patrick MacGinty | Townawilly, Barnesmore. |
| Letterkenny | J. P. Craig | Letterkenny. |
| Ardara | J. D. Cassidy | Ardara. |
| Lower Rosses | Anthony J. Doherty | Cruit I. N. S., Kincasslagh. |
| Donegal | P. M. Gallagher, Solr. | Donegal. |
| Glenswilly | Daniel Gallagher | Glenswilly. |
| Ballyshannon | Dr. R. H. Creighton | Ballyshannon. |
| Dungloe | John Sweeny | Dungloe. |
| Buncrana | Muiris Ó Maoldómnaigh | Buncrana. |
| Mhuir Ruadhain | Andrew MacIntyre | Marblehill, Letterkenny. |

DOWN.

| | | |
|---|---|---|
| Newry | P. Mac Domhnaill | Catholic Club, Mill-street. |
| St. Colman's | John Calter | Independent Club, Kilmorey-st., Newry. |
| Dromintee | Rev. J. Loughran, C.C., D.D. | Dromintee, Newry. |
| St. Patrick's | James L. Savage | Backaderry House, Castlewellan. |
| Newcastle | Edwd. Higgins | Newcastle, Castlewellan. |
| Clanvaraghan | H. J. Torney | Drumaroad, Castlewellan. |
| St. Mary's | T. Fitzpatrick | Leitrim, Castlewellan. |
| Kilcoo | James MacErlean, N.T. Stephen MacGeowan | Kilcoo, Castlewellan. |
| St. Patrick's | Miss M. E. O'Reilly | Decamot N. S., Castlewellan. |
| Dromararoad | H. J. Torney | Dromararoad, Castlewellan. |
| St. Patrick's | John Breen | Downpatrick. |
| St. Patrick's | Eóin Mac Giolla Phádraig | Portaferry. |
| Belecks | —— | Belecks. |
| Mayo Bridge | Ml. Fegan, N.T. Mrs. Fegan | Mayo Bridge. |
| Killowen | Pierce P. Fegan | Prospect House, Killowen. |
| St. Colman's | Alex. MacCavitt | Shanrod N. S., Katesbridge. |
| Rinn Mac Giolla Ruaidh | Patrick J. Crawford | Warrenpoint. |
| Carlingford | Miss Fegan<br>Jas. MacVerry | Carlingford. |
| Bangor | Jas. F. Gildea | 3 Westminster-terrace, Bangor. |
| Rostrevor | Patrick T. Burns | Rostrevor. |
| Glassdrummon | Patrick Trainor | Moneydarnagh N. S., Annalong. |
| St. Colman's | Hugh Graham | Tullyorier N. S., Banbridge. |

FERMANAGH.

| | | |
|---|---|---|
| Maguire | W. J. Netherett | 12 and 13 High-st., Enniskillen. |
| Rosslea | F. Feenan | Rosslea. |

MONAGHAN.

| | | |
|---|---|---|
| Annyalla | Michael M'Shane, N.T. | Annyalla, Clontibret. |
| Farney | John MacGroder | Lisdoonan N.S., Carrickmacross. |
| Clones | Henry Murphy, Solr. | Clones. |
| Magoney | J. Tierney | Magoney, Inniskeen. |
| Magheracloone | Rev. Laurence O'Kieran, C.C. | Magheracloone, Carrickmacross. |
| Castleblayney | Pádraig Ua Muirgheasa | Castleblayney. |

TYRONE.

| | | |
|---|---|---|
| Irish Ireland | —— | Omagh. |
| Strabane | Michael Nolan | 20 Main-street, Strabane. |
| Sleann Faille | Peter MacCullagh | Cranagh. |
| Greencastle | S. O'Morris | Sgoil Caiptl, Mountfield. |
| Thos. Davis | Denis O'Ryan | Moy. |
| Dungannon | P. Clarke | Perry-street, Dungannon. |
| Donaghmore | M. J. Doherty | Donaghmore. |
| Ballydonnelly | Joseph O'Daly | Castlecaulfield. |

II. With regard to non-Irish-speaking districts we think that the system adopted at Newry, Dundalk, South Down, and other places has proved such a marked success that its extension should be encouraged; that is to say, the formation of district Committees who would appoint paid travelling teachers capable of teaching singing and dancing in addition to the language. In many cases the cost of providing these teachers is covered by a small weekly levy on the pupils in the classes. The men thus appointed could also act as extern teachers in the schools within their districts. We feel that this system could also be applied with great advantage to some of the Irish-speaking districts. It is most important that these teachers should in every case be native Irish speakers.

As most of the non-Irish-speaking districts are within easy reach of Dublin, Cork or Belfast, lectures by men prominent in the movement might be organised from time to time which would serve to keep the local enthusiasm alive.

# Policing in Newry

## A working-class nationalist view

*P. Mac Eoin*

The open and sometimes heated debate about policing in Newry over the last 18 months was facilitated by the always precarious peace which, for all its uncertainty, still allowed community groups in particular the opportunity to express their views on future policing in an atmosphere free from political interference and from potential R.U.C. harassment. The hopefully temporary ending of the I.R.A. ceasefire must not foreclose this necessary debate. One of the many plus-points of the ceasefires, Loyalist and Republican, was that they allowed community activists the opportunity to address all issues which have contributed to the political conflict in this part of Ireland. Central to that conflict, many would contend, has been the existence of a sectarian police force which has, historically, functioned as the scaffolding necessary to secure the Unionist and British régime at Stormont.

Observers of the policing debate in Newry have been treated to a veritable variety show in this past eighteen months. The R.U.C.'s own Ardmore Barracks vigorous publicity offensive has been challenged by an equally energetic Newry Sinn Féin countering strategy which ran under the unimaginative but blunt "Disband the R.U.C." catchphrase. We have, in passing, witnessed the debacle surrounding The Rise and Decline of the Newry Safer Town Project Mark 1, the initiative on which the N.I.O./R.U.C. has pinned most of its hopes on gaining a foothold in nationalist Newry. Senior R.U.C. officers have, in the meantime, written to the letters column of the local press, only to be smartly and decisively rebuked by local commentators. We have seen, among a welter of events : the Police Authority's consultation process; *freebee* "getting to know you" parties at Corry Square/Catherine Street R.U.C. Station ("The Bash at the Barracks"); Newry R.U.C. crime-busting statistics released in glossy publications; Sinn Féin's incisive and controversial pamphlet "Moving beyond sectarian policing in Newry"; debates about burglaries and drugs; violent street confrontations between the R.U.C. and young nationalists; and the belatedly issued and convincing S.D.L.P. policy document entitled "Policing in Northern Ireland" (Nov. 1995). Given the complexity of the issues involved, and the emotions aroused, what should be apparent is that the policing problem can only be resolved within the context of all-party talks about the political future of the Six Counties.

Of particular interest to some of us have been the contributions to the policing debate made by representatives of Newry's working class communities. An apparently revitalised Confederation of Community Groups made the laudable, and indeed difficult decision, to convene a **Policing the Community Conference** in Newry on 4th April 1995. Leading Human Rights activist Caitríona Ruane addressed the Conference. The top brass at Ardmore Barracks didn't disguise their annoyance that a policing debate was to take place outside their 'auspices' (controlled conditions). The submissions of the participating community groups make for interesting reading and provide probably the best soundings of how working class nationalist communities feel about the R.U.C. The Drumalane/Fathom Park Community Association spokesperson stated that the following was his community's main recommendation to be conveyed to the Conference :

"It was agreed by everyone that a new police service must be created that is both representative of and accountable to the whole community. The first stage of the process should be the disarming of the R.U.C. and then their disbandment."

The Derrybeg Community Development Association spokesperson also indicated the need to establish a "new community force" :

"Since the ceasefire there has been a tremendous upsurge in the rate of burglaries and drug pushing yet few arrests have been made. Surely this is a sign that the R.U.C. are not equipped to handle this type of crime; they know more about anti-terrorism than anti-social behaviour.... A new community force is needed, made up of people who work and live in the community and therefore know their community needs."

Most Nationalist street demonstrations held in Newry since the partition of Ireland have involved some element of anti-R.U.C. activity.




*"Our cause thrives on R.U.C. guns and batons"*

The most trenchant criticism of the R.U.C. was delivered by the spokesperson on behalf of the Barcroft Community Association :

".... I can safely say that the present structure of the R.U.C. could not and will not be accepted within our community. How can you accept someone who not only hates your nationality but constantly harasses you because of the area you come from and because of what you are (i.e. Catholic) ? We cannot easily forget the sufferings and torture of people from our area at the hands of the R.U.C. in institutions such as Newry, Castlereagh, and Gough Barracks. No amount of tinkering or name-changing will make such a sectarian force acceptable within our community."

Nationalist antipathy to the R.U.C. is no recent phenomenon, nor is it a fiction composed by republican propagandists. It has existed since the Partition of Ireland and the formation of the almost exclusively Protestant force. The Special Powers Act was assiduously enforced by the R.U.C. in Newry through the decades, particularly at times of nationalist demonstrations and Easter Parades. The anti-R.U.C. feeling so prevalent in the town though has not been the sole preserve of militant republicans. Historically, constitutional nationalist parties have been to the fore in resisting the R.U.C. Recently discovered historical papers relating to the Irish Citizens' Association show Newry's constitutional nationalists helping to organise protests against the R.U.C., even travelling to County Tyrone to do so. The well-known political ballad "The Smashing of the Ban" was composed to mark Newry Urban Council's successful defiance of Stormont's ban on nationalist political demonstrations (the demonstration, which thwarted R.U.C. attempts to stop it, was led by Joe Connellan M.P. and James Morgan, the then Chairman of Newry Urban Council). Selected stanzas from the ballad are indicative of hostile relations between nationalist Newry and the R.U.C. :

*A police throng, three hundred strong, marched in the night before,*
*To a special camp they proudly tramp, all King's men to the core;*
*When again that night, in trappings bright, in groups they stride around*
*With mirthful laugh they gaily chaff as they view the Frontier Town.*

*A head policemen with upraised hand, in frantic tones declared*
*"If you break the law my men will draw and no one will be spared."*
*No other word from him was heard for ere his voice had died,*
*The throng had charged his marshalled force and burst their cordon wide.*


*With deafening roar the thousands tore and policemen wide-eyed gazed,*
*As their leaders stood with boiling blood, silent, stunned and dazed.*
*As that forward thrust each cordon burst the police with batons bared,*
*Stood aghast as the crowd swept past and 'walkie-talkies' blared.*

*Stanzas 3, 7 & 8 from original version.*

The modern attitudes to the R.U.C. therefore in working class nationalist communities have been inherited and are not simply a product of our experience of the R.U.C. since the outbreak of the current Troubles. What is perhaps surprising is that many of these attitudes find ready echoes in working class Protestant communities. Of especial interest to observers is both Protestant and Catholic working class communities' lack of confidence in the complaints procedures against the R.U.C. In a paper published by the University of Ulster's Centre for the Study of Conflict entitled "Policing a Divided Society : Issues and Perceptions in Northern Ireland" (Dec. 1995), we encounter among the main findings that :
a) Catholic and Protestant communities have little faith in the current police complaints procedures;
b) there is a strong perception of R.U.C. harassment of young working-class Catholics as "harassment of the entire community".

The complaints procedure statistics speak for themselves. In 1994 there were 3,530 complaints from the general public against members of the R.U.C. which were investigated. The findings of the disciplinary hearings are revealing : 2 officers were dismissed from the force; 7 were required to resign; 2 were reduced in rank; 3 reduced in pay; 15 were fined; 34 were reprimanded and 18 officers were cautioned.

The R.U.C. itself has not been found wanting in presenting its sunny side. Resources normally channelled into fighting militant republicanism and loyalism have been (during the ceasefires) redirected into a publicity offensive. Unfortunately for the R.U.C.'s image-fixers, their methods have been transparent and have bordered on the naive. The recently concluded t.v. police-soap "Inside the R.U.C." was packaged as




Cuid de bhunadh an Iúir atá glan in éadan an C.R.U.




Thousands defied the R.U.C. and 'smashed the ban'.



documentary, but communicated itself as patently ill-conceived R.U.C. P.R. The R.U.C. public relations people seem to have been following what American media commentators call the "mass manipulative model" in their endeavours to condition the reading and viewing public. They have somehow ignored the fact that the northern Irish are among the most perceptive, politically alert audiences in Europe. The R.U.C.'s consistent and persistent pedalling of its preferred version of itself, and of events, only invites ordinary people to strip back the veneer and expose the reality. While the R.U.C. relentlessly projects itself as a disinterested referee in a conflict between warring tribes (always the victim - caught in the middle) - it doesn't see itself, as most nationalists do, as a partisan player in that conflict.

Sir Hugh Annesley has acknowledged the existence of what he describes as a "massive R.U.C. community relations programme" (from full page advertisement in IRISH NEWS 15th Nov. 1995). In its most elaborate guise on the local scene, this programme saw the formation of the Newry Safer Town Project which was launched in the Town Hall by the British Security Minister at Stormont Sir John Wheeler. The machinations of the Newry Safer Town organisers, and those opposing them, is the very stuff of political thrillers. Secret meetings, quiet resignations, readily available though supposedly confidential Minutes, use of video cameras, transcripts of tape-recorded proceedings, absurd suggestions of involving the President of America, slanging matches in the local press - all provided high drama for a while. The Mark 1 version of the Safer Town Project was, wisely, quickly aborted. It had been hatched at the N.I.O. and imposed upon the community, and was therefore inherently flawed. The Mark 2 low-key version, currently being piloted, is equally doomed. The Newry Safer Town Project, playing as it does on people's genuine fears for the security of their homes is arguably the most cynical strategy of community manipulation ever inflicted on Newry.

The Newry Safer Town Project is only one element of a broader R.U.C. campaign to manufacture issues which are intended to present the force in a positive light. In the previously alluded to full-page advertisement in "The Irish News" (15.11.'95) Sir Hugh Annesley attacked those "who make sweeping assertions that the R.U.C. is wholly unacceptable in nationalist areas". He cited as evidence to counter this perception "the very high levels of routine calls for police assistance by those living in nationalist areas". There is indeed some local evidence, from particular estates, to corrorborate Sir Hugh's claim, but what the Chief Constable failed to comment on was the quality of the R.U.C. response to such routine calls for assistance. In an article in "The Examiner" (edition 2.1.'96) local SDLP Councillor Stephen Mc Ginn complained about the spate of break-ins, domestic and vehicle, at Cloughreagh :

"There have been 24 car break-ins and these have been brought to the attention of the R.U.C. They were asked to put on extra patrols to combat what is now an epidemic. The residents are angry that nothing is apparently being done."

The R.U.C. responded swiftly, not to the community requests for increased protection, but in the next edition of the newspaper (9.1.'96):

"A police spokesperson said they took issue with a recent Examiner article regarding these break-ins and said they didn't receive a single report of a burglary from either of these estates (Cloughreagh and Kennedy Park) last year."

The chasm between community and police could not be more graphically illustrated.

